2024/1322

16.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1322 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Bealtaine 2024

lena n-údaraítear modhanna grádúcháin chun conablaigh muc a aicmiú i Málta

(tugadh fógra leis an doiciméad C(2024) 3102)

(Is iad na téacsanna Máltaise agus Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20, an chéad mhír, pointe (p), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go mbeidh feidhm ag scálaí an Aontais um chonablaigh muc a aicmiú i gcomhréir le pointe B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Maidir le conablaigh muc a aicmiú, foráiltear le Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin go bhfuil measúnú le déanamh ar an gcion feola trua trí bhíthin modhanna grádúcháin arna n-údarú ag an gCoimisiún, nach bhféadfar a údarú ach modhanna measúnaithe atá cruthaithe de réir staidrimh atá bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice agus go bhfuil modhanna grádúcháin faoi réir uasráta lamháltais le haghaidh earráide staidrimh le linn measúnaithe a chomhlíonadh. Sainítear an lamháltas sin i gCuid A, pointe 1, an dara mír, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Foráiltear le hAirteagal 11(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 go bhféadfaidh an Coimisiún modhanna grádúcháin a údarú gan tástáil údarúcháin, ar choinníoll gur deonaíodh an t-údarú sin cheana don mhodh grádúcháin céanna is infheidhme i mBallstát eile ar bhonn tástáil údarúcháin i gcás ina bhfuil an sampla conablaigh ionadaíoch a dhóthain ar phobail muc sna Ballstáit lena mbaineann.

(3) D'iarr Málta ar an gCoimisiún an modh 'CSB Image-Meater 2.0' a údarú chun conablaigh muc a ghrádú ina chríoch.

(4) Deonaíodh údarú don mhodh céanna sa Spáinn cheana le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/114 ón gCoimisiún ([3]).

(5) Chuir Málta faisnéis mhionsonraithe i láthair lena ndeimhnítear go bhfuil an sampla conablaigh a úsáideadh mar bhonn don tástáil údarúcháin sa Spáinn ionadaíoch a dhóthain ar phobal na muc i Málta.

(6) Léiríodh sa scrúdú ar an iarraidh sin go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182. Dá bhrí sin, ba cheart an modh grádúcháin a údarú i Málta.

(7) Níor cheart modhnuithe ar an modh grádúcháin ná ar an ngaireas lena mbaineann a cheadú, ach amháin má údaraítear sin go sainráite le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caorach a aicmiú agus a mhéid a bhaineann le praghsanna margaidh aicmithe áirithe conablach agus ainmhithe beo a thuairisciú (IO L 171, 4.7.2017, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/ reg_del/2017/1182/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/114 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2018 lena leasaítear Cinneadh 2009/11/CE lena n-údaraítear modhanna chun conablaigh muc a ghrádú sa Spáinn (IO L 20, 25.1.2018, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/114/oj).

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear úsáid an mhodha grádúcháin seo a leanas chun cion feola trua conablach muc a mheasúnú de bhun Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i Málta: an gaireas ar a dtugtar 'CSB Image-Meater 2.0' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Údarófar modhnuithe ar an modh údaraithe grádúcháin nó ar an ngaireas lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 1 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht Mhálta a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

MODH GRÁDÚCHÁIN CHUN CONABLAIGH MUC A AICMIÚ I MÁLTA

CSB Image-Meater 2.0

1. Beidh feidhm ag rialacha an mhodha grádúcháin seo nuair a dhéanfar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'CSB Image-Meater 2.0'.
2. Is éard atá sa CSB Image-Meater 2.0 físcheamara, ríomhaire ina bhfuil cárta anailíse íomhánna, scáileán, printéir, meicníocht ordaithe, meicníocht truicir agus comhéadain. Déantar na ceithre athróg CSB Image-Meater 2.0 a thomhas ag an líne scoilte i limistéar an liamháis (thart ar mhatán *gluteus medius*). Déantar na luachanna tomhaiste a aistriú ina meastachán ar chéatadán na feola trua de réir aonad lárnach.
3. Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh de réir na foirmle seo a leanas:

$$Y = 68{,}39920953 - (0{,}39050694 \times F) - (0{,}32611391 \times V4F) + (0{,}07864716 \times M) - (0{,}00762296 \times V4M)$$

I gcás inarb amhlaidh:

Y = an céatadán measta feola trua i gconablach,

F = tiús saille mar an tsraith is tanaí os cionn mhatán *gluteus medius* (i mm),

V4F = meántiús saille na sraithe bagúin iomláine os cionn na gceithre veirteabra lumbacha (ar a dtugtar VaF, VbF, VcF, VdF) (i mm),

M = tiús feola ó imeall cráiniach mhatán *gluteus medius* agus na canála veirteabraí (i mm),

V4M = meántiús feola os cionn na gceithre veirteabra lumbacha (ar a dtugtar VaM, VbM, VcM, VdM) (i mm).

Beidh an fhoirmle sin bailí le haghaidh na gconablach a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu (meáchan te).